# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2005**

LAIDIN – ARDLEIBHÉAL
(400 marc)

DÉARDAOIN, 23 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 - 12.00

**1.** **[80]**

**(i)** Cuir Gaeilge ar:- (50)

At pius Aeneas, quamquam lenire dolentem
solando cupit et dictis avertere curas,
multa gemens magnoque animum labefactus amore,
iussa tamen divum exsequitur classemque revisit.
tum vero Teucri incumbunt et litore celsas
deducunt toto naves. natat uncta carina,
frondentesque ferunt remos et robora silvis
infabricata fugae studio.
migrantes cernas totaque ex urbe ruentes.
ac veluti ingentem formicae farris acervum
cum populant, hiemis memores, tectoque reponunt;
it nigrum campis agmen.

**VEIRGIL**

**(ii)** Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú deich marc gach aon cheist acu):- (30)

**(a)** An dtuigeann tú ón gcéad trí line go raibh Aeinéas i ngrá le Díodó i ndairíre? Bíodh cúiseanna agat le do fhreagra.

**(b)** Luaigh **trí** shonra ón sliocht a thaispeánann an deifir a bhí ar na Tráigh ag fágáil an Chartaig.

**(c)** An dóigh leat go bhfuil éifeacht ag baint leis an tsamhail sna trí líne deireanacha? Bíodh cúiseanna agat le do fhreagra.

**(d)** Déan cur síos ar ar tharla do Díodó nuair a d'fhág Aeinéas agus na Traígh an Chartaig.

**(e)** Agus na sleachta á léamh agat ó Veirgil i dtaobh Díodó agus Aeinéas an raibh níos mó chomhbhá agat le Díodó nó le hAeinéas? Bíodh cúiseanna agat le do fhreagra.

**(f)** Scríobh cuntas gairid ar bheatha Veirgil.

**2.** Cuir Gaeilge ar:- **[80]**

*(Tugtar ordú d'Earcail na húlla órga a fháil ó gáirdín na Hesperides)*

In illo horto haud procul a Monte Atlante erant tres sorores pulcherrimae, Hesperides nomine. Hae cum ingenti dracone aurea poma custodiebant quae Iunoni, cum a Iove in matrimonium duceretur, a Terra data erant. Haec poma petere iussus est Hercules sed quod situm horti ignorabat, per multas terras diu frustra errabat.

Tandem Hercules Atlantem, qui humeris caeli onus sustinebat, misit ut poma inveniret. Hercules ipse interea onus sustinet. Tum Hercules ad regem reportavit poma quae postea Minervae dedicata sunt. Haec autem in eundem hortum reddidit.

| | | | |
|---|---|---|---|
| haud: nach raibh. | Atlas: ainm sléibhe agus ainm gaiscígh. | draco: dragan. | pomum: úll. |
| Iuno: Iúno. | Iuppiter, Iovis: Iúpatar. | in matrimonium duco: pósaim. | |
| situs: ionad. | ignoro: níl a fhios agam. | humerus: gualainn. | |
| onus: ualach. | sustineo: coinním suas. | reporto: tugaim ar ais. | dedico: tiomnaím. |

**3.** Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair **deich gcinn ar bith** de na ceisteanna ina dhiaidh. (Is fiú ocht marc gach aon cheist acu):- **[80]**

*(Sa Domhan Thíos insíonn Deiphobus do Aeinéas conas a rinne Helen feall air)*

Deiphobus Aeneae narrabat quo modo necatus esset. "Illa fax, quam nos credebamus lucem saltantibus ferre, fuit signum Graecis, qui in navibus id exspectabant. Dum hostes Troiam ingrediuntur, ego ignarus domum ivi ut dormirem. Helena, mea optima uxor, omnibus armis meis e domo elatis, ianuaque aperta, Menelaum in domum invitavit.

Menelaus cum amicis, gladiis strictis, in cubiculum cucurrit. Ego, qui eis resistere non diu potui, haec vulnera passus sum. Nunc hic habito, semper cum eisdem vulneribus." Quibus dictis, deos oravit ut Graecos atque ante omnes Helenam eodem modo punirent.

| | | | |
|---|---|---|---|
| fax: tóirse. | salto: damhsaím. | signum: comhartha. | ignarus: gan fhios. |
| effero: cuirim as an tslí. | stringo: tarraingím (claíomh). | | |

**(i)** Sa chéad abairt céard a deirtear gur inis Deiphobus do Aeinéas?
**(ii)** Céard a chreid Deiphobus agus a chomh-Thraígh faoi úsáid an tóirse?
**(iii)** Cén úsáid a baineadh as an tóirse, i ndairíre?
**(iv)** Céard a rinne Deiphobus nuair a bhí na Gréagaigh ag teacht isteach sa chathair? Cén fáth a ndearna sé é seo?
**(v)** Cén fáth gur thug Deiphobus *mea optima uxor* ar Helen, dar leat (line 3)?
**(vi)** Cén **trí** ní a rinne Helen chun feall a imirt ar a fear céile?
**(vii)** Cé a ghortaigh Deiphobus? Conas a gortaíodh é?
**(viii)** Cén rud nár athraigh do Deiphobus tar éis bháis?
**(ix)** Cén phaidir a dúirt Deiphobus ag an deireadh?
**(x)** Scríobh nóta gairid gramadaí ar *dormirem* (líne 3) agus *eis* (líne 5).
**(xi)** Luaigh príomhranna de **dhá cheann ar bith** de na briathra seo a leanas ón sliocht thuas:-

narro, credo, fero, dormio, curro.

**(xii)** Luaigh an Tuiseal Ginideach, Uimhir Iolra, de **trí cinn ar bith** de na hainmfhocail seo a leanas ón sliocht thuas:-

lux, navis, domus, gladius, cubiculum.

**4.** Freagair Roinn A **nó** Roinn B. (Is fiú ochtó marc gach roinn acu):- **[80]**

**A.** Cuir Laidin ar:-

**(a)** Thaisteal Iúl Caesar faoi sheol chuig an Ghréig le roinnt cairde nuair a bhí sé ina fhear óg. (16)

**(b)** Ar an turas ghabhadh é ag na foghlaithe mara a raibh airgead uathu. (16)

**(c)** Gheall Caesar go dtabharfadh sé a lán airgid dóibh. (16)

**(d)** Chuir sé a chairde chuig an Róimh chun an t-airgead a fháil chomh tapa agus ab fhéidir. (16)

**(e)** Bhí Caesar chomh feargach ina dhiaidh gur ghearr sé píonós ar na foghlaithe mara mallaithe. (16)

foghlaí mara: pirata.

**NÓ**

**B.** Cuir Gaeilge ar:-

*(Gearrtar pionós ar Phublius Claudius sa Chéad Chogadh Púnach mar thug sé neamhaird ar na tuartha)*

Erant semper cum exercitu Romano in omnibus bellis haruspices qui pullos deis sacros custodiebant. Hi pulli si cibum non edebant iram deorum ostendebant. Olim Publius Claudius, qui nuper ad classem imperator venerat, impetum in hostium classem parabat. Monebant eum haruspices, "Hodie pulli cibum non edunt."

"Bibent tamen," respondit iratus imperator, manuque pullos in mare demisit. Tum classem oppugnavit. Dei autem hominis superbiam adeo puniverunt ut ipse enim superatus esset naviumque maximam partem amitteret.

| | | | |
|---|---|---|---|
| exercitus: arm. | haruspex: fear feasa. | pullus: sicín. | edo: ithim. |
| nuper: le déanaí. | classis: cabhlach. | imperator: ceannasaí. | demitto: caithim. |
| oppugno: ionsaím. | superbia: díomas. | amitto: caillim. | |

**5. Stair na Róimhe, 264 – 44 R.Ch.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

**(i)** Conas a thosaigh na Rómhánaigh agus na Cartagaigh ag troid ar dtús ?
**(ii)** Ainmnigh **dhá** oileán a tháinig faoi smacht na Rómhánach idir an Chéad agus an Dara Cogadh Púnach.
**(iii)** Céard a tharla ag Loch Trasimene sa bhliain 217 R.Ch?
**(iv)** Cá raibh Zama agus cad a tharla ansin sa bhliain 202 R.Ch?
**(v)** Cén chathair a scrios Scipio Aemilianus sa bhliain 146 R.Ch? Cén chathair a scrios sé sa bhliain 133 R.Ch?
**(vi)** Cad ab ea *latifundia* agus cén tionchar a bhí acu ar shochaí na Róimhe?
**(vii)** Cérbh é Jugurtha agus conas a chothaigh sé trioblóid do na Rómhánaigh?
**(viii)** Cad iad na cumhachtaí a fuair Poimpéas tríd an *Lex Manilia* agus cad chuige?
**(ix)** Cérbh é Clodius agus céard a tharla dó?
**(x)** Cén fáth go ndúirt Iúl Caesar *alea iacta est* nuair a thrasnaigh sé an Rubicon sa bhliain 49 R.Ch.?

**B.** Samhlaigh gur tusa Sulla agus tá tú ar tí éirí as an deactóireacht. Scríobh litir chuig an tSeanad ina dtéann tú siar ar do ghníomhréim **agus** mínigh cén fáth a bhfuil cinneadh déanta agat ar eirí as an deactóireacht. (20)

**NÓ**

Déan cur síos ar na príomhchéimeanna i réim phoiblí Chiceаró ar cuireadh deireadh foréigeanach léi le linn na n-eisreachtuithe a lean fheallmharú Iúl Caesar.

(20)

**6. Saol Sóisialta agus Sibhialtacht na Rómhánach.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

**(i)** Cad iad na príomhdhualghais a bhí ar *aedile*?
**(ii)** Cad iad na dualgais a bhí ar *paedagogus* i dteaghlach Rómhánach?
**(iii)** Déan cur síos ar phríomhghnéithe *atrium* i dteach Rómhánach.
**(iv)** Cén ról a bhí ag *tribunus plebis* sa stát Rómhánach?
**(v)** Déan cur síos ar cibé rud a tharla ag *cena* Rómhánach.
**(vi)** Cén cineál oideachais a fuair cailín Rómhánach de ghnáth?
**(vii)** Céard é an *Colosseum* agus céard a tharla ansin?
**(viii)** Déan cur síos ar cibé rud a tharla ag searmanas *manumissio.*
**(ix)** Déan cur síos ar **dhá** nós a bhain le sochraidí Rómhánacha.
**(x)** Déan cur síos ar phríomhghnéithe an *caldarium* i bhfoirgneamh folcadáin Rómhánach.

**B.** Féach ar an dealbh seo de Mhaighdean Veisteach agus freagair na ceisteanna seo a leanas:- (20)



**(i)** Cérbh í Vesta? Cén ról a bhí ag na Maighdeana Veisteacha? (8)

**(ii)** Samhlaigh gur Rómhánach tusa ar iarradh ort cuid de na príomhchreidimh reiligiúnacha atá agat a mhíniú do chairde sna cúigí. Scríobh litir mhínithe ina bhfuil eolas faoi roinnt díobh seo a leanas : *Lares* agus *Penates*; na mórdhéithe agus na bandéithe; íobairt agus *augur* agus *haruspex*. (12)

(Baineadh an léaráid le haghaidh C. 6B. as *The Roman Forum,* Soprintendenza Archeologica di Roma, Electa, lch.57)